2025/631

27.3.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/631 ÓN gCOMHAIRLE

an 27 Márta 2025

lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 8a(1) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil leis an mBealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle an 18 Bealtaine 2006 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil leis an mBealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin ([1]), agus go háirithe Airteagal 8a(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Bealtaine 2006, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 765/2006.

(2) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid sa Bhealarúis, ba cheart 25 dhuine nádúrtha agus 7 nduine dhlítheanacha a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Márta 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

P. HENNIG-KLOSKA

([1]) IO L 134, 20.5.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/765/oj.

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 mar a leanas:

(1) cuirtear na daoine nádúrtha seo a leanas leis an liosta a leagtar amach i roinn ‘A. Daoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 2(1)’:

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
‘288.	Aliaksei Uladzimiravich BASHAN Alexey Vladimirovich BASHAN	АЛЯКСЕЙ УЛАДЗІМІРАВІЧ БАШАН Алексей Владимирович БАШАН	Leas-Chathaoirleach ar an Central Election Commission Dáta breithe: 28.2.1975 Pasuimhir: 3280275A062PB3 Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann	Tá Aliaksei Bashan ina Leas-Chathaoirleach ar Central Election Commission na Bealarúise. Mar Leas-Chathaoirleach, tá Aliaksei Bashan freagrach as toghchán uachtaránachta 2025 a eagrú, toghchán nach raibh saor ná cothrom. Sháraigh an toghchán bundlíthe agus caighdeáin idirnáisiúnta maidir leis an gcothroime agus an trédhearcacht, agus falsaíodh na torthaí. Dá bhrí sin, tá Aliaksei Bashan freagrach as an mbonn a bhaint, ar bhealach tromchúiseach, den daonlathas agus den smacht reachta sa Bhealarúis.	27.3.2025
289.	Alena Anatolieuna BALDOUSKAYA Elena Anatolyevna BALDOVSKAYA	Алена Анатольеўна БАЛДОЎСКАЯ Елена Анатольевна БАЛДОВСКАЯ	Rúnaí ar an Central Election Commission Dáta breithe: 14.4.1980 Uimhir aitheantais phearsanta: 4140480B020PB4	Tá Alena Baldouskaya ina Rúnaí ar Central Election Commission na Bealarúise. Mar Rúnaí, tá Alena Baldovskaya freagrach as toghchán uachtaránachta 2025 a eagrú, toghchán nach raibh saor ná cothrom. Sháraigh an toghchán bundlíthe agus caighdeáin idirnáisiúnta maidir leis an gcothroime agus an trédhearcacht, agus falsaíodh na torthaí. Dá bhrí sin, tá Alena Baldouskaya freagrach as an mbonn a bhaint, ar bhealach tromchúiseach, den daonlathas agus den smacht reachta sa Bhealarúis.	27.3.2025
290.	Dzianis Uladzimiravich DUK Denis Vladimirovich DUK	Дзяніс Уладзіміравіч ДУК Денис Владимирович ДУК	Comhalta den Central Election Commission Dáta breithe: 29.5.1977 Uimhir aitheantais phearsanta: 3290577E034PB4	Tá Dzianis Duk ina chomhalta de Central Election Commission na Bealarúise. Mar chomhalta de CEC, tá Dzianis Duk freagrach as toghchán uachtaránachta 2025 a eagrú, toghchán nach raibh saor ná cothrom. Sháraigh an toghchán bundlíthe agus caighdeáin idirnáisiúnta maidir leis an gcothroime agus an trédhearcacht, agus falsaíodh na torthaí. Dá bhrí sin, tá Dzianis Duk freagrach as an mbonn a bhaint, ar bhealach tromchúiseach, den daonlathas agus den smacht reachta sa Bhealarúis.	27.3.2025

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
291.	Alena Kanstantinauna KUNTSEVICH Elena Konstantinovna KUNTSEVICH	Алена Канстанцінаўна КУНЦЭВІЧ Елена Константиновна КУНЦЕВИЧ	Comhalta den Central Election Commission Dáta breithe: 30.4.1971 Uimhir aitheantais phearsanta: 4300471C014PB0	Tá Alena Kuntsevich ina comhalta de Central Election Commission na Bealarúise. Mar chomhalta de CEC, tá Alena Kuntsevich freagrach as toghchán uachtaránachta 2025 a eagrú, toghchán nach raibh saor ná cothrom. Sháraigh an toghchán bundlíthe agus caighdeáin idirnáisiúnta maidir leis an gcothroime agus an trédhearcacht, agus falsaíodh na torthaí. Dá bhrí sin, tá Alena Kuntsevich freagrach as an mbonn a bhaint, ar bhealach tromchúiseach, den daonlathas agus den smacht reachta sa Bhealarúis.	27.3.2025
292.	Aliaksandr Genadzevich TKACHOU Alexander Gennadievich TKACHEV	Аляксандр Генадзьевіч ТКАЧОЎ Александр Геннадьевич ТКАЧЕВ	Comhalta den Central Election Commission Dáta breithe: 17.9.1977 Uimhir aitheantais phearsanta: 3170977H042PB1	Tá Aliaksandr Tkachou ina chomhalta de Central Election Commission na Bealarúise. Mar Chomhalta de CEC, tá Aliaksandr Tkachou freagrach as toghchán uachtaránachta 2025 a eagrú, toghchán nach raibh saor ná cothrom. Sháraigh an toghchán bundlíthe agus caighdeáin idirnáisiúnta maidir leis an gcothroime agus an trédhearcacht, agus falsaíodh na torthaí. Dá bhrí sin, tá Aliaksandr Tkachou freagrach as an mbonn a bhaint, ar bhealach tromchúiseach, den daonlathas agus den smacht reachta sa Bhealarúis.	27.3.2025
293.	Katsiaryna Aliaksandrauna FEDASENKA Ekaterina Alexandrovna FEDOSENKO	Кацярына Аляксандраўна ФЕДАСЕНКА Екатерина Александровна ФЕДОСЕНКО	Comhalta den Central Election Commission Dáta breithe: 20.12.1976 Uimhir aitheantais phearsanta: 4201276K012PB1	Tá Katsiaryna Fedasenka ina comhalta de Central Election Commission na Bealarúise. Mar Chomhalta de CEC, tá Katsiaryna Fedasenka freagrach as toghchán uachtaránachta 2025 a eagrú, toghchán nach raibh saor ná cothrom. Sháraigh an toghchán bundlíthe agus caighdeáin idirnáisiúnta maidir leis an gcothroime agus an trédhearcacht, agus falsaíodh na torthaí. Dá bhrí sin, tá Katsiaryna Fedasenka freagrach as an mbonn a bhaint, ar bhealach tromchúiseach, den daonlathas agus den smacht reachta sa Bhealarúis.	27.3.2025

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
294.	Aliaksandr Uladzimiravich YUZHIK Alexander Vladimirovich YUZHIK	Аляксандр Уладзіміравіч ЮЖЫК Rúisis: Александр Владимирович ЮЖИК	Comhalta den Central Election Commission 25.4.1975 Uimhir aitheantais phearsanta: 3250475K039PB6	Tá Aliaksandr Yuzhik ina chomhalta de Central Election Commission na Bealarúise. Mar Chomhalta de CEC, tá Yuzhik freagrach as toghchán uachtaránachta 2025 a eagrú, toghchán nach raibh saor ná cothrom. Sháraigh an toghchán bundlíthe agus caighdeáin idirnáisiúnta maidir leis an gcothroime agus an trédhearcacht, agus falsaíodh na torthaí. Dá bhrí sin, tá Aliaksandr Yuzhik freagrach as an mbonn a bhaint, ar bhealach tromchúiseach, den daonlathas agus den smacht reachta sa Bhealarúis.	27.3.2025
295.	Aleh Aliaksandravich RAMANAU Oleg Aleksandrovich ROMANOV	Алег Аляксандравіч РАМАНАЎ Олег Александрович РОМАНОВ	Ceannaire an pháirtí “Belaya Rus” Cathaoirleach an chomhlachais phoiblí phoblachtaigh “Belaya Rus” Dáta breithe: 9.8.1975 Áit bhreithe: Grodno (Hrodna), an Bhealarúis Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann	Tá Aleh Ramanau ag tacú leis an Uachtarán Lukashenko le fada. In 2022, toghadh Aleh Ramanau mar chathaoirleach ar “Belaya Rus”, comhlachas poiblí a thacaíonn leis an réimeas, comhlachas dá ndearna sé an páirtí polaitiúil is mó sa Bhealarúis, ag a bhfuil tromlach na suíochán sa Pharlaimint. In 2021, cheap Aliksandr Lukashenko Aleh Ramanau ina Reachtaire ar Ollscoil Stáit Polotsk agus bhí sé ag obair ansin go dtí 2022. Bhí Aleh Ramanau ina chomhalta freisin de Chomhairle Phoblacht na Bealarúise, sa 7ú comhghairm de, ón 6 Nollaig 2019 go dtí an 22.Márta 2024. Mar chathaoirleach ar “Belaya Rus”, tacaíonn Aleh Ramanau le réimeas Lukashenko.	27.3.2025
296.	Nastassia Paulauna PAPKO Anastasia Pavlovna POPKO	Настасся Паўлаўна ПАПКО Анастасия Павловна ПОПКО	Breitheamh i gCúirt Chathair Mhionsc Dáta breithe: 13.12.1984 Uimhir aitheantais phearsanta: 4131284A078PB8	Is breitheamh i gCúirt Chathair Mhionsc í Nastassia Papko. Ó mhí Lúnasa 2020 ar a laghad, tá fíoraisc á n-eisiúint aici ar chúiseanna polaitiúla, i gcoinne ionadaithe de chuid na sochaí sibhialta, agus forchuireadh pianbhreitheanna os cionn 10 mbliana i gcúig chás ar a laghad. Tá Nastassia Papko freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine nó as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	27.3.2025

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
297.	Yury Viktaravich NAZARAU Yury Viktorovich NAZAROV	Юрый Віктаравіч НАЗАРАЎ Юрий Викторович НАЗАРОВ	Ceann ar an Belarus President Property Management Directorate (PPMD) Dáta breithe: 7.2.1962 Áit bhreithe: an Bhealarúis Pasuimhir: MP4071150 (a eisíodh an 4.10.2017) Uimhir aitheantais phearsanta: 3070262M082PB4	Tá Yury Nazarau ina Cheann ar an Belarus President Property Management Directorate (PPMD). Is comhlacht rialtais de chuid na Bealarúise é PPMD atá go díreach faoi réir Aliaksandr Lukashenka. Thosaigh PPMD mar aonad beag a bhainistíonn fardal, lóistíocht agus leas ar son gníomhaireachtaí rialtais agus ó shin i leith tá sí ar an oibreoir is mó réadmhaoine neamhchónaithe agus crannchur sa Bhealarúis. Gineann sí ioncam don réimeas, mar sin. Ina cháil mar Cheann ar an PPMD, tacaíonn Yury Nazarau le réimeas Lukashenko. Tá baint aige freisin le Synesis LLC agus fochuideachtaí PPMD: GHU – Main Economic Department of the Presidential Administration, an fiontar aonadach poblachtach “Tsentrkurort” (atá cumaiscthe anois le BelExpo), an fofhiontar aonadach poblachtach “Hotel Minsk”, an cuideachta comhstoic oscailte “Hotel Planeta”, an fiontar aonadach poblachtach Belorusskiye Loterei.	27.3.2025

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
298.	Mikalai Uladzimiravich SHKRED Nikolai Vladimirovich SHKRED	Мікалай Уладзіміравіч ШКРЭД Николай Владимирович ШКРЕД	Céad-Leas-Cheann ar PPMD Iar-Leas-Cheann ar Sheirbhís Slándála Uachtarán na Bealarúise Dáta breithe: 26.4.1981 Áit bhreithe: an Bhealarúis Pasuimhir: MP4388698 (a eisíodh an 17.7.2019) Uimhir aitheantais phearsanta: 3260481A001PB5	Tá Mikalai Shkred ina Chéad-Leas-Cheann ar PPMD agus is iar-Leas-Cheann ar Sheirbhís Slándála Aliaksandr Lukashenko é. Is comhlacht rialtais de chuid na Bealarúise é PPMD atá go díreach faoi réir Aliaksandr Lukashenko. Thosaigh PPMD mar aonad beag a bhainistíonn fardal, lóistíocht agus leas ar son gníomhaireachtaí rialtais agus ó shin i leith tá sí ar an oibreoir is mó réadmhaoine neamhchónaithe agus crannchur sa Bhealarúis. Gineann sé ioncam don réimeas, mar sin. Ina cháil mar Chéad-Leas-Cheann ar PPMD, tacaíonn Mikalai Shkred le réimeas Lukashenko. Tá baint aige freisin le Synesis LLC agus fochuideachtaí PPMD: GHU – Main Economic Department of the Presidential Administration, an fiontar aonadach poblachtach "Tsentrkurort" (atá cumasctha anois le BelExpo), an fofhiontar aonadach poblachtach "Hotel Minsk", an cuideachta comhstoic oscailte "Hotel Planeta", an fiontar aonadach poblachtach Belorusskiye Loterei.	27.3.2025

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/631/oj

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
299.	Anton Mikhailavich KRAEUSKY Anton Mikhailovich KRAEVSKY	Антон Міхайлавіч КРАЕЎСКІ Антон Михайлович КРАЕВСКИЙ	Leas-Cheann ar PPMD Dáta breithe: 22.8.1982 Pasuimhir: MP4083089 (a eisíodh an 2.11.2017) Uimhir aitheantais phearsanta: 3220882A100PB8	Is Leas-Cheann ar PPMD é Anton Kraevsky. Is comhlacht rialtais de chuid na Bealarúise é PPMD atá go díreach faoi réir Aliaksandr Lukashenko. Thosaigh PPMD mar aonad beag a bhainistíonn fardal, lóistíocht agus leas ar son gníomhaireachtaí rialtais agus ó shin i leith tá sí ar an oibreoir is mó réadmhaoine neamhchónaithe agus crannchur sa Bhealarúis. Gineann sé ioncam don réimeas, mar sin. Baineann cuideachtaí atá faoi réir PPMD, ar nós Belorusskiye Loterei, tairbhe freisin as a gceangal leis an réimeas trí dhálaí fabhracha. Dá réir sin, faigheann an córas ioncam breise. Ina cháil mar Chéad-Leas-Cheann ar PPMD, tacaíonn Anton Kraevsky le réimeas Lukashenko. Tá baint aige freisin le Synesis LLC agus fochuideachtaí PPMD: GHU – “Main Economic Department of the Presidential Administration”, an fiontar aonadach poblachtach “Tsentrkurort” (atá cumasctha anois le BelExpo), an fofhiontar aonadach poblachtach “Hotel Minsk”, an cuideachta comhstoic oscailte “Hotel Planeta”, an fiontar aonadach poblachtach Belorusskiye Loterei.	27.3.2025

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
300.	Mikalai Mikhailavich RAHASHCHUK Nikolai Mikhailovich ROGASHCHUK	Мікалай Міхайлавіч РАГАШЧУК Николай Михайлович РОГАЩУК	Leas-Cheann ar PPMD Dáta breithe: 22.4.1979 Áit bhreithe: an Bhealarúis Pasuimhir: MP4274241 (a eisíodh an 29.11.2018) Uimhir aitheantais phearsanta: 3220479C043PB6	Is Leas-Cheann ar PPMD é Mikalai Rahashchuk. Is comhlacht rialtais de chuid na Bealarúise é PPMD atá go díreach faoi réir Aliaksandr Lukashenko. Thosaigh PPMD mar aonad beag a bhainistíonn fardal, lóistíocht agus leas ar son gníomhaireachtaí rialtais agus ó shin i leith tá sí ar an oibreoir is mó réadmhaoine neamhchónaithe agus crannchur sa Bhealarúis. Gineann sé ioncam don réimeas, mar sin. Ina cháil mar Chéad-Leas-Cheann ar PPMD, tacaíonn Mikalai Rahashchuk le réimeas Lukashenko. Tá baint aige freisin le Synesis LLC agus fochuideachtaí PPMD: GHU – “Main Economic Department of the Presidential Administration”, an fiontar aonadach poblachtach “Tsentrkurort” (atá cumasctha anois le BelExpo), an fofhiontar aonadach poblachtach “Hotel Minsk”, an cuideachta comhstoic oscailte “Hotel Planeta”, an fiontar aonadach poblachtach Belorusskiye Loterei.	27.3.2025

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/631/oj

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
301.	Dzmitry Mikalaevich SHVEDKA Dmitry Nikolaevich SHVEDKO	Дзмітрый Мікалаевіч ШВЕДКА Дмитрий Николаевич ШВЕДКО	Fear gnó, scairshealbhóir tromlaigh agus stiúrthóir Ridotto LLC. Dáta breithe: 17.1.1979 Áit bhreithe: an Bhealarúis Pasuimhir: MP3615765 (a eisíodh an 19.2.2015)	Fear gnó Bealarúiseach é Dzmitry Shvedko. Is scairshealbhóir tromlaigh agus stiúrthóir Ridotto LLC é, cuideachta TF Bealarúiseach ar speisialtóirí iad i bhforbairt feidhmchlár cearrbhachais ar líne. D'fhorbair agus coinníonn Ridotto LLC an casaíne ar líne Belbet ar son an fhiontair aonadaigh phoblachtaigh Belorusskiye Loterei atá faoi úinéireacht an stáit, a oibríonn faoi PPMD. Tá Belorusskiye Loterei ina fhoinse shuntasach ioncaim do PPMD, a thuairiscíonn go díreach do Aliaksandr Lukashenko. Tá 49,99 % de scaireanna Ridotto LLC faoi úinéireacht Alexander Shatrov, atá faoi smachtbhannaí ag an Aontas ón 21 Meitheamh 2021 as tairbhe a bhaint as réimeas Lukashenko agus as tacú leis. Tá baint ag Dzmitry Shvedko le Alexander Shatrov, Ridotto LLC, PPMD agus an fiontar aonadach poblachtach Belorusskiye Loterei. Tá Dzmitry Shvedko ag baint tairbhe freisin as réimeas Lukashenko agus ag tacú leis trí sheirbhís a sholáthar a ghineann ioncam suntasach do PPMD, go díreach faoi réir Aliaksandr Lukashenko.	27.3.2025

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
302.	Mikhail Uladzimiravich DZENISENKA Mikhail Vladimirovich DENISENKO	Міхаіл Уладзіміравіч ДЗЯНІСЕНКА Михаил Владимирович ДЕНИСЕНКО	Fear gnó Dáta breithe: 27.5.1974 Áit bhreithe: an Bhealarúis Pasuimhir: MP3303172 (a eisíodh an 10.6.2013; seans go bhfuil sé imithe in éag ó shin) Uimhir aitheantais phearsanta: 3270574C044PB2	Is é Mikhail Dzenisenka stiúrthóir an fhiontair aonadaigh phoblachtaigh Belorusskiye Loterei. Tá Belorusskiye Loterei faoi úinéireacht PPMD; comhlacht rialtais de chuid na Bealarúise atá go díreach faoi réir Aliaksandr Lukashenko. Tá Belorusskiye Loterei ar cheann den dá chomhlacht rialtais a bhfuil sé de cheart acu crannchuir a reáchtáil sa Bhealarúis. Bainistíonn sé Belbet, casaíne ar líne a ghineann ioncam ard. Faoi dhlí na Bealarúise, aicmítear Belbet mar chrannchur ar líne, cé go bhfeidhmíonn sé *de facto* mar a bheadh chasaíne ar líne ann, rud a chruthaíonn dálaí fabhracha dá chuid oibre. Is é Ridotto LLC a d'fhorbair an casaíne ar líne agus a bhíonn á bhainistiú, cuideachta a d'eascair as atheagrú Synesis LLC, a raibh Alexander Shatrov ina chomhúinéir uirthi, ar duine é atá ainmnithe ag an Aontas ó bhí an 21 Meitheamh 2021 ann as tairbhe a bhaint as réimeas Lukashenko agus as tacú leis an réimeas sin. Tá baint ag Mikhail Dzenisenka le Belorusskiye Loterei agus le PPMD. Thairis sin, ina ról mar stiúrthóir ar Belorusskiye Loterei, tá Mikhail Dzenisenka ag tacú le réimeas Lukashenko trí bhrabús suntasach a ghiniúint ó chearrbhachas ar líne.	27.3.2025

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
303.	Siarhei Mirzaevich AZAKAU Sergey Mirzoevich AVAKOV	Сяргей Мірзаевіч АВАКАЎ Сергей Мирзоевич АВАКОВ	Pearsa gnó, Príomhoifigeach Feidhmiúchán OJSC Planar Dáta breithe: 1955 Áit bhreithe: an Bhealarúis	Is é Siarhei Azakau Príomhoifigeach Feidhmiúchán OJSC Planar. Is fiontar stáit é OJSC Planar, ar speisialtóir i bhforbairt agus i soláthar comhpháirteanna i réimse na micrileictreonaice é, comhpháirteanna a úsáidtear i dtáirgeadh crua-earra míleata, amhail aerárthaigh gan foireann. Is cuid de bhraisle fiontair stát-riartha é a ndéanann an Chomhairle um Thionscadail Straitéiseacha maoirseacht air, atá faoi mhaoirseacht Uachtarán na Bealarúise. Cuidíonn Planar leis an gcomhar teicneolaíoch agus míleata idir an Bhealarúis agus an Rúis. Ina cháil mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin OJSC Planar, tá Siarhei Azakau ag baint tairbhe as coimpléasc tionsclaíoch míleata na Bealarúise agus ag tacú go hábharach leis.	27.3.2025
304.	Yuri Mikalaevich TCHORNY Yuri Nikolaevich CHERNYI	Юрый Мікалаевіч ЧОРНЫ Юрий Николаевич ЧЕРНЫЙ	Stiúrthóir Precise Electro-Mechanics Plant Dáta breithe: 1979, 1980 nó 1981 Áit bhreithe: an Bhealarúis	Is é Yuri Tchorny stiúrthóir Precise Electro-Mechanics, ar fiontar de chuid stát na Bealarúise agus speisialtóir in earraí míleata a fhorbairt agus a tháirgeadh é, agus tá sé faoi réir Coiste Míleata Tionsclaíoch Stáit Phoblacht na Bealarúise. Ina cháil sin, táirgeann Precise Electro-Mechanics Plant crua-earraí míleata lena n-úsáid ag fórsaí armtha na Bealarúise, go háirithe diúracáin bhalaistíocha, agus soláthraíonn sé ioncam do Stát na Bealarúise. Dá bhrí sin, tacaíonn Yuri Tchorny le réimeas Lukashenko agus tá baint aige leis an heintiteas liostaithe Precise Electro-Mechanics.	27.3.2025
305.	Aleh KALIADA Oleg KALYADA	Алег КАЛЯДА Олег КАЛЯДА	Breitheamh de Chúirt Dúiche Zavodsky i gcathair Mhionsc Dáta breithe: 1.1.1965 Pasuimhir: 3010165A135PB5	Is breitheamh Bealarúiseach de Chúirt Dúiche Zavodsky i gcathair Mhionsc é Aleh Kaliada. D'eisigh sé pianbhreitheanna ar chúiseanna polaitiúla a bhaineann le, *inter alia,* saoirse chun tuairimí a nochtadh nó saoirse comhthionóil, i gcoinne Yana Barysovich, Andrei Asaula, Rastsislau Shavel, Aliaksandr Zialiutkin, agus Maksim Prazhenik, agus i gcoinne daoine eile nach iad. Tá Aleh Kaliada freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	27.3.2025

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
306.	Alena BUSHAVA Alena BUSHEVA	Алена БУШАВА Алена БУШЕВА	Breitheamh de Chúirt Dúiche Frunzensky i gcathair Mhionsc Dáta breithe: 23.8.1976 Uimhir aitheantais phearsanta: 4230876A016PB7	Is breitheamh Bealarúiseach í Alena Bushava i gCúirt Dúiche Frunzensky i gcathair Mhionsc. D'eisigh sí pianbhreitheanna ar chúiseanna polaitiúla a bhaineann le, *inter alia,* saoirse chun tuairimí a nochtadh nó saoirse comhthionóil i gcoinne Siarhei Karytanovich, Darya Lychkouskaya, Aliaksei Maltsau, Yahor Mikhailau, Yuliya Mudreuskaya, Andrei Sheshko, Siarhei Staravoitau, Ihar Kapanaika. Tá Alena Bushava freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	27.3.2025
307.	Andrei VASILIUK Andrei VASILYUK	Андрэй ВАСІЛЮК Андрей ВАСИЛЮК	Breitheamh de chúirt réigiún Brest Dáta breithe: 20.7.1977 Uimhir aitheantais phearsanta: 3200777C039PB0	Is breitheamh Bealarúiseach de chúirt réigiún Brest é Andrei Vasiliuk. D'eisigh sé rialuithe ar chúiseanna polaitiúla a bhaineann le, *inter alia,* saoirse chun tuairimí a nochtadh nó saoirse comhthionóil i gcoinne Aliaksandr Bazarau, Anastasiya Padhaiskaya, Aliaksandr Veliasnitski. Tá Andrei Vasiliuk freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	27.3.2025
308.	Dzina KUCHUK Dina KUCHUK	Дзіна КУЧУК Дина КУЧУК	Breitheamh de Chúirt Uachtarach na Bealarúise; iarbhreitheamh ar Chúirt Chathair Mhionsc Dáta breithe: 11.2.1974 Uimhir aitheantais phearsanta: 4110274A107PB7	Is breitheamh Bealarúiseach i gCúirt Uachtarach na Bealarúise í Dzina Kuchuk. Go dtí mí Feabhra 2024, bhí Dzina Kuchuk ina breitheamh den Choláiste Breithiúnach um Chásanna Coiriúla i gCúirt Chathair Mhionsc. Mar bhreitheamh i gCúirt Chathair Mhionsc, d'eisigh Dzina Kuchuk rialuithe ar chúiseanna polaitiúla a bhaineann le saoirse chun tuairimí a nochtadh nó saoirse comhthionóil i gcoinne Andrei Andreyeu, Aliaksandr Komar, Sviatlana Bychkouskaya, Maryna Dubrouskaya, Yury Hrabianiok, Valeryia Kastsiuhova, Tatsiana Kouzina, Aliaksei Khralovich, Uladzimir Lavor, Viachaslau Pantsiushenka, Dzianis Varozau, Volha Tserakh, agus Katsiaryna Zaretskaya, i measc daoine eile. Tá Dina Kuchuk freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	27.3.2025

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/631/oj

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
309.	Halina BONDAL Galina BONDAL	Галіна БОНДАЛ Галина БОНДАЛ	Breitheamh i gCúirt Réigiúnach Vitebsk Dáta breithe: 30.4.1962 Uimhir aitheantais phearsanta: 4300462E001PB6	Is breitheamh Bealarúiseach de Chúirt Réigiúnach Vitebsk í Halina Bondal. D'eisigh Halina Bondal rialuithe ar chúiseanna polaitiúla a bhaineann le saoirse chun tuairimí a nochtadh nó saoirse comhthionóil i gcoinne Volha Brytsikava, Siarhei Dalivelia, Maryia Famina, Tatsiana Frantskevich, Tsimafei Halubko, Yaraslau Kazakevich, Robert Kuzniatsou, Natallia Labatsevich, Anatol Mikhailau, agus Andrei Ruskikh, i measc daoine eile.Tá Halina Bondal freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	27.3.2025
310.	Siarhei BUDREVICH Sergei BUDREVICH	Сяргей БУДРЭВІЧ Сергей БУДРЕВИЧ	Breitheamh de Chúirt Dúiche Oktyabrsky chathair Mhionsc Dáta breithe: 29.6.1986	Is breitheamh Bealarúiseach de Chúirt Dúiche Oktyabrsky chathair Mhionsc é Siarhei Budrevich. D'eisigh sé pianbhreitheanna ar chúiseanna polaitiúla a bhaineann le saoirse chun tuairimí a nochtadh nó saoirse comhthionóil i gcoinne Yuliya Kashaverava, Siarhei Paspelau, Siarhei Belski, Aliaksandr Mikhailau, Andrei Hryva, Siarhei Yupatau, Artsiom Isakau, agus Aliaksandr Zhaliazousk, i measc daoine eile. Tá Siarhei Budrevich freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	27.3.2025
311.	Zhanna BRYSINA Zhanna BRYSINA	Жанна БРЫСІНА Жанна БРЫСИНА	Breitheamh de Chúirt Dúiche Oktyabrsky Chathair Mhionsc Dáta breithe: 21.10.1961	Is breitheamh Bealarúiseach de Chúirt Chathair Mhionsc í Zhanna Brysina. D'eisigh Zhanna Brysina rialuithe ar chúiseanna polaitiúla a bhaineann le saoirse chun tuairimí a nochtadh nó saoirse comhthionóil i gcoinne Pavel Belavus, Siarhei Kreida, Tsimafei Shkuratovich , Maksim Hrechkayedau, Vadzim Baranau, Aliaksandr Loban, Dzmitry Maholin, Ihar Artsiukh, Aliaksandr Ziankou, Ruslan Zavadzich, Artsiom Ziankou, Andrei Velikaselets, agus Pavel Kharytonau, i measc daoine eile. Tá Zhanna Brysina freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	27.3.2025
312.	Ala SKURATOVICH Alla SKURATOVICH	Ала СКУРАТОВІЧ Алла СКУРАТОВИЧ	Breitheamh de chúirt dúiche Frunzensky chathair Mhionsc Dáta breithe: 18.10.1980 Uimhir aitheantais phearsanta: 4181080A069PB5	Is breitheamh Bealarúiseach de Chúirt Dúiche Frunzensky chathair Mhionsc í Ala Skuratovich. D'eisigh Ala Skuratovich pianbhreitheanna ar chúiseanna polaitiúla a bhaineann le , *inter alia*, saoirse chun tuairimí a nochtadh nó saoirse comhthionóil i gcoinne Andrus Asmalousk, Ivan Charavaka, Dzmitry Lapets , Andrei Akushka, Dziana Charnushyna, Andrei Mirashnichenka , agus Artur Smaliakou. Tá Ala Skutartovich freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	27.3.2025';

(2) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis an liosta a leagtar amach i Roinn ‘B. Daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1)’:

	Ainmneacha (Tras-scríobh an litrithe Bealarúisise) (Tras-scríobh an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
‘41.	Central Election Commission of the Republic of Belarus (CEC)	Цэнтральная выбарчая камісія Рэспублікі Беларусь Центральная избирательная комиссия Республики Беларусь	Seoladh: 11 Sovyetska Str., Minsk, 220010, Poblacht na Bealarúise Dáta bunaithe: 1989	Tá Central Election Commission (CEC) Phoblacht na Bealarúise freagrach as toghcháin daonlathacha a eagrú sa Bhealarúis. Ní raibh toghchán uachtarántachta 2025 sa Bhealarúis saor ná cothrom, de réir tuarascálacha iomadúla ó bhreathnóirí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, tá CEC freagrach as an mbonn a bhaint, ar bhealach tromchúiseach, den daonlathas sa Bhealarúis.	27.3.2025
42.	JSC “INTEGRAL” - the management company of the holding “INTEGRAL”	ААТ “Інтэграл” – кіруючая кампанія холдынгу “Інтэграл” ОАО “Интеграл” - управляющая компания холдинга “Интеграл”	Seoladh: Kazintsa I.P., 121A, room 327, Minsk, 220108, Poblacht na Bealarúise Áit chláraithe: Mionsc, an Bhealarúis Dáta clárúcháin: 1.8.2013 Cláruimhir: 100386629	Is monaróir leathsheoltóirí, ciorcad comhtháite agus earraí ardteicneolaíochta eile faoi úinéireacht stát na Bealarúise é JSC Integral agus tá tábhacht ar leith aige do gheilleagar na Bealarúise agus d’earnáil na cosanta. Tá JSC Integral lonnaithe i gCrios Eacnamaíoch Saor Mhionsc, a bhunaigh Rialtas na Bealarúise. Bíonn buntáistí airgeadais éagsúla ag eintitis atá bunaithe i gCrios Eacnamaíoch Saor Mhionsc. Dá bhrí sin, tá JSC Integral ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka. Ina theannta sin, tá JSC Integral ag tacú le réimeas Lukashenka trína chuid oibre a dhíriú ar tháirgeadh earraí micrileictreonacha atá ríthábhachtach don tionscal cosanta.	27.3.2025

	Ainmneacha (Tras-scríobh an litrithe Bealarúisise) (Tras-scríobh an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
43.	Fiontar aonadach poblachtach, Belorusskiye Loterei	Беларускія Латарэі Белорусские Лотереи	Dáta clárúcháin: 1.9.1999 Áit chláraithe: an Bhealarúis Seoladh: Budzyonnaha 10, Minsk, an Bhealarúis Uimhir ghutháin: + 375173292103 Seoladh ríomhphoist: info@belloto.by Cláruimhir: 190000087	Tá an fiontar aonadach poblachtach, Belorusskiye Loterei, ina chuideachta Bealarúiseach faoi úinéireacht PPMD; is comhlacht rialtais de chuid na Bealarúise í an stiúrthóireacht atá go díreach faoi réir Aliaksandr Lukashenka. Tá sé de cheart eisiach ag an stát crannchuir a reáchtáil sa Bhealarúis. Tá Belorusskiye Loterei ar cheann den dá chomhlacht rialtais a bhfuil sé de cheart acu crannchuir a reáchtáil sa Bhealarúis. Reáchtálann sé 17 gcinn as 25 chinn de na crannchuir sa Bhealarúis. Casaíne ar líne is ea Belbet, ar a ndéanann Belorusskiye Loterei bainistiú agus a ghineann 99,8 % dá ioncam. Faoi dhlíthe de chuid na Bealarúise, aicmítear Belbet mar chrannchur ar líne, cé go bhfeidhmíonn sé *de facto* mar a bheadh chasaíne ar líne ann, rud a chruthaíonn dálaí fabhracha dá chuid oibre. Is é Ridotto LLC a d'fhorbair an casaíne ar líne agus a bhíonn á bhainistiú, cuideachta a d'eascair as atheagrú Synesis LLC, ainmnithe ag an Aontas an 17 Nollaig 2020 mar gheall ar a bheith ag baint tairbhe as a bheith comhlachaithe agus ag tacú le réimeas Lukashenka, agus is é Alexander Shatrov atá ina chomhúinéir uirthi, ar duine é atá ainmnithe ag an Aontas ó bhí an 21 Meitheamh 2021 ann as tairbhe a bhaint as réimeas Lukashenka agus as tacú leis an réimeas sin. Tá Belorusskiye Loterei faoi réir PPMD atá faoi stiúir Aliaksandr Lukashenka. Baineann sé tairbhe as réimeas Lukashenka freisin trí bheith ag feidhmiú faoi dhálaí fabhracha agus tacaíonn sé leis trí ioncam a ghiniúint ó chearrbhachas. Ina theannta sin tá Belorusskiye Loterei comhlachaithe le Alexander Shatrov.	27.3.2025

	Ainmneacha (Tras-scríobh an litrithe Bealarúisise) (Tras-scríobh an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
44.	Ridotto LLC	ТАА “Рыдота” ООО “Ридотто”	Dáta clárúcháin: 13.2.2020 Áit chláraithe: Mionsc, an Bhealarúis Seoladh: Platonava 20b, Minsk, an Bhealarúis Uimhir ghutháin: + 375 17 240-36-50 Seoladh ríomhphoist: info@ridotto.by Cláruimhir: 193384228	Cuideachta TF Bealarúiseach is ea Ridotto LLC agus tá saineolas aici ar fheidhmchláir chearrbhachais ar líne a fhorbairt. Tá 49,99 % de scaireanna Ridotto LLC faoi úinéireacht Alexander Shatrov, atá faoi réir smachtbhannaí an Aontais ón 21 Meitheamh 2021 as tairbhe a bhaint as réimeas Lukashenka agus as tacú leis an réimeas sin. D’fhorbair Ridotto LLC an casaíne ar líne Belbet agus déanann sé bainistiú air faoi láthair ar son an fhiontair aonadaigh phoblachtaigh, Belorusskiye Loterei, atá faoi úinéireacht an stáit agus atá ina fochuideachta de PPMD. Tá Belorusskiye Loterei ina fhoinse shuntasach ioncaim do PPMD, a thuairiscíonn go díreach do Aliaksandr Lukashenka. Ag eascairt as an méid sin tá baint ag Ridotto LLC le Alexander Shatrov, le PPMD agus leis an bhfiontar aonadach poblachtach, Belorusskiye Loterei. Tá Ridotto LLC, sa bhreis air sin, ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka nó ag tacú leis an réimeas sin.	27.3.2025
45.	OJSC Planar	ААТ “Планар” КБТЭМ ПЛАНАР	Seoladh: Partizansky Ave., 2, building 2-31, Minsk, an Bhealarúis Teil.: + 375 17 297 37 09 Seoladh ríomhphoist: office@kbtem-omo.by Suíomh gréasáin: planar.by Cláruimhir: 100104937 Dáta clárúcháin: 15.3.1992	Is fiontar stáit é OJSC Planar agus is speisialtóir i bhforbairt agus i soláthar comhpháirteanna i réimse na micrileictreonaice é, ar comhpháirteanna iad a úsáidtear i dtáirgeadh crua-earra míleata, cuir i gcás aerárthaigh gan foireann. Is cuid de bhraisle fiontair stát-riartha é a ndéanann an Chomhairle um Tionscadail Straitéiseacha maoirseacht air, atá faoi mhaoirseacht Uachtarán na Bealarúise. Rannchuidíonn OJSC Planar leis an gcomhar teicneolaíoch agus míleata idir an Bhealarúis agus an Rúis. Dá bhrí sin, tá OJSC Planar ina chuid de choimpléasc tionsclaíoch míleata na Bealarúise.	27.3.2025

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/631/oj

	Ainmneacha (Tras-scríobh an litrithe Bealarúisise) (Tras-scríobh an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
46.	Precise Electro-Mechanics Plant	РВУП “Завод дакладнай электрамеханікі” РПУП “Завод точной электромеханики”	Seoladh: ul. Kulman 2, Minsk, 220013 an Bhealarúis Cláruimhir: 690653077 Dáta clárúcháin: 27.5.2009	Is fiontar de chuid stát na Bealarúise é Precise Electro Mechanics; is speisialtóir é in earraí míleata a fhorbairt agus a tháirgeadh agus tá sé faoi réir Coiste Míleata Tionsclaíoch Stáit Phoblacht na Bealarúise. Sa cháil sin, táirgeann Precise Electro-Mechanics Plant crua-earraí míleata a úsáideann fórsaí armtha na Bealarúise, go háirithe diúracáin bhalaistíocha, agus soláthraíonn sé ioncam do Stát na Bealarúise. Ar an gcaoi sin, is duine dlítheanach é Precise Electro-Mechanics Plant a thacaíonn le réimeas Lukashenka.	27.3.2025
47.	Tsybulka Bel Zybulka Bel	ТАА “ЦЫБУЛЬКА-БЕЛ” ООО “ЦЫБУЛЬКА-БЕЛ”	Seoladh: st. Centralnaya, 4, ag. Gudy, Krupovsky village council, Lida district, Grodno region, an Bhealarúis Cláruimhir: 592000217 Dáta clárúcháin: 1.10.2020 Teil.: +375 292 85-31-33	Is agrai-chuideachta Bhealarúiseach é Tsybulka-Bel LLC atá lonnaithe sa cheantar Lida agus atá faoi úinéireacht an náisiúnaigh Ghearmánaigh Jörg Dornau. D’oibrigh lucht bainistíochta Tsybulka-Bel in éineacht le húdaráis stáit na Bealarúise chun príosúnaigh a sheoladh - lena n-áirítear go háirithe príosúnaigh pholaitiúla na Bealarúise - le bheith ina n-oibrithe éigeantais ag Tsybulka-Bel le haghaidh obair allamuigh faoi dhálaí mídhaonna, lena n-áirítear bia agus uisce a choinneáil siar le linn sealanna oibre an-fhada, cosaint go hiomlán neamhleor ar dhálaí adhaimsire agus pionós treallach i gcoinne príosúnach a iarrann díolúintí de bharr tinnis. Ar an gcaoi sin, is eintiteas é Tsybulka-Bel LLC atá freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as an bhfreasúra daonlathach a chur faoi chois sa Bhealarúis.	27.3.2025’.